**RABHADH**

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo:

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012**

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 1 – FILLTEÁN (60 marc)

**DÉ hAOINE, 8 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 11.30**

| Greille Mharcála an Fhillteáin | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Ceisteanna | | Marc | Scrúdaitheoir | Scrúdaitheoir Comhairleach |
| | | @ | 3 | | |
| | | @ | 2 | | |
| | | @ | 1 | | |
| | | @ | 0 | | |
| Iomlán | | | | | |

**NÓTA: TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH**

**ROINN 1 (60 marc)**

Freagair **GACH** ceist.
Tá rogha agat laistigh de thrí cheist.
Déan deimhin de go gcuireann tú an fillteán seo ar ais le do fhreagarleabhar.
Mura gcuireann tú, caillfear marcanna.

## 1. CARRAIGEACHA



Carraig le criostail bheaga a cruthaíodh laistigh de screamh an domhain.

www.utexas.edu

Scrúdaigh an fótagraf thuas agus ciorclaigh an freagra ceart i ngach ceann de na ráitis thíos.

(i) Is é a thugtar ar an gcarraig seo ná ***eibhear / basalt***.

(ii) Is ***bruthcharraig / carraig dhríodair*** í an charraig seo.

(iii) Faightear sampla den charraig seo sa ***Bhoirinn / i gCill Mhantáin***.

## 2. CREATHANNA TALÚN

Críochnaigh na habairtí a leanas.

(i) Is é a thugtar ar bhunphointe creatha talún ná an ______________________.

(ii) Is é a thugtar ar thonn tuile a bhíonn ann mar thoradh ar chrith talún

ná ____________________________.

(iii) An scála a úsáidtear chun creathanna talún a thomhas

ná ____________________________.

## 3. AOLCHLOCH

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá meaits amháin déanta duit.

| **Colún X** | |
|---|---|
| A | Aolchoinneal |
| B | Clinteanna |
| C | Aolchuisne |
| D | Gríoga |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| 1 | Scoilteanna doimhne i bpábháil aolchloiche. |
| 2 | Spruadar cailcíte ar crochadh anuas ó dhíon pluaise. |
| 3 | Bloic aolchloiche. |
| 4 | Spruadar cailcíte ar urlár pluaise. |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | |
| D | 1 |

## 4. OLLGHLUAISEACHT

Ciorclaigh an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis thíos.

(i) Tá an sreabhadh láibe ar cheann de na cineálacha ollghluaiseachta is tapúla. ***Fíor / Bréagach***

(ii) I limistéir thirime a tharlaíonn sreabhadh láibe. ***Fíor / Bréagach***

(iii) Tá an-tábhacht ag baint leis an ngrádán ó thaobh na hollghluaiseachta de. ***Fíor / Bréagach***

## 5. TIONSCLAÍOCHT

Cé acu grúpa díobh seo a leanas ina bhfuil gach duine díobh páirteach i ngníomhaíocht thánaisteach gheilleagrach?

Fiaclóir, feirmeoir, Garda, tiománaí tacsaí. ☐


Múinteoir, oifigeach árachais, altra, iriseoir. ☐

Oifigeach bainc, mianadóir, siopadóir, pluiméir. ☐

Báicéir, oibrí monarchan, caibinéadaire, grúdaire. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 6. FEACHTAÍ AIGÉIN




Scrúdaigh an léarscáil thuas.
Ciorclaigh an freagra ceart i ngach ceann de na ráitis thíos.

(i) Is feacht ***te / fuar*** é an feacht ag **X**.

(ii) Is feacht ***te / fuar*** é an feacht ag **Y**.

(iii) Is é a thugtar ar an bhfeacht ag **X** ná ***Feacht Labrador / Síobadh Mór an Atlantaigh Thuaidh***.

## 7. PATRÚIN AIMSIRE

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a thaispeáint cé acu **trí** ráiteas thíos atá ceart.

1. Aniar aneas a thagann na gnáthghaotha in Éirinn.
2. Is é 20°C an mheánteocht bliantúil in Éirinn.
3. Tá baint ag frithchioclóin le dea-aimsir.
4. Níl aon tionchar ag an Aigéan Atlantach ar an aimsir in Éirinn.
5. Is rud coitianta é fliuchras rilífe ar chósta thiar na hÉireann.


| | |
|---|---|
| 1, 2, 3 | ☐ |
| 2, 3, 4 | ☐ |
| 1, 3, 5 | ☐ |
| 2, 4, 5 | ☐ |

**8. AIBHNEACHA**

Taispeánann an léaráid thíos cúrsa abhann.

Tabhair an suíomh ceart do gach ceann de na gnéithe abhann a thaispeántar ar an léaráid agus an litir cheart á scríobh agat in aice le gach gné ainmnithe sa tábla thíos.

Tá péire amháin déanta duit.




| Gné | Litir |
|---|---|
| Lúb | B |
| Lúbloch | |
| Eas | |
| Tuilemhá | |

**FREAGAIR 9A NÓ 9B**

**9A. CÓSTAÍ**

Cé acu ceann díobh seo a leanas ar gnéithe den **sil-leagan cósta** iad go léir?

Aill mhara, pluais mhara, staic mhara. ☐

Tambaló, gob, barra. ☐

Trá, stua mara, ceann tire. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**NÓ**

**9B. OIGHRIÚCHÁN**

Cé acu ceann díobh seo a leanas ar gnéithe den **sil-leagan oighreach** iad go léir?

Eascracha, moiréin, droimníní. ☐


Coirí, droimníní, carraigeacha corra. ☐

U-ghleannta, moiréin, coire. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**FREAGAIR 10A NÓ 10B**

## 10A. FÁSRA NÁDÚRTHA




Scrúdaigh an léarscáil thuas, a léiríonn dáileadh fhoraoisí an domhain.
Ciorclaigh an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Tá foraoisí bóireacha ag **A**. ***Fíor / Bréagach***

(ii) Faightear ithreacha trópaiceacha dearga ag **B**. ***Fíor / Bréagach***

(iii) Is foraoisí duillsilteacha iad na foraoisí bóireacha. ***Fíor / Bréagach***

**NÓ**

## 10B. TURASÓIREACHT

**Turais thar lear go hÉirinn agus ó Éirinn (na milliúin duine) ó 2004 go dtí 2010**

| BLIAIN | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gcuairteoirí as tíortha thar lear go hÉirinn | 6.6 | 7.0 | 7.7 | 8.0 | 7.8 | 6.9 | 6.0 |
| Líon na gcuairteanna thar lear ag daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn | 5.4 | 6.1 | 6.8 | 7.7 | 7.9 | 7.0 | 6.6 |

Curtha in oiriúint ó www.cso.ie

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann turais thar lear go hÉirinn agus ó Éirinn agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén bhliain ar tháinig an líon ab airde cuairteoirí as tíortha thar lear go hÉirinn?

_______________________

(ii) Cén bhliain a ndeachaigh an líon ab airde daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn ar thuras thar lear? ________________

(iii) Cad é an líon ab ísle turas thar lear ag daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn?

______________________________

**FREAGAIR 11A NÓ 11B**

## 11A. ITHIR

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu **trí** ráiteas thíos atá ceart.

1. Is ithreacha an-torthúla iad ithreacha podsail.
2. Is ithreacha an-torthúla iad ithreacha donna.
3. Nuair a lobhann bruscar plandaí déantar húmas de.
4. Ligeann scaireanna neamh-thréscaoilteacha san ithir d'uisce sileadh tríd an ithir.
5. Tugtar láisteadh ar chothaithigh á nglanadh amach as an ithir.

| | |
|---|---|
| 1, 2, 3 | ☐ |
| 2, 3, 4 | ☐ |
| 2, 3, 5 | ☐ |
| 2, 4, 5 | ☐ |

**NÓ**

## 11B. LONNAÍOCHT

Scrúdaigh na fótagraif thíos agus ainmnigh gach cineál tithíochta díobh sa spás cuí thíos.











**A.** ______________________________

**B.** ______________________________

**C.** ______________________________

## 12. DAONRA




Scrúdaigh an Léirshamhail de Thrasdul Déimeagrafach thuas.

I gCéim 1, tá fás iomlán an daonra íseal mar:

Tá na rátaí báis íseal agus tá na rátaí breithe ard. ☐

Tá na rátaí breithe agus báis araon ard. ☐

Tá na rátaí báis ard agus tá na rátaí breithe íseal. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 13. FEIRMEOIREACHT

Is é atá sa bhosca thíos ná ionchuir, próisis agus aschuir ar fheirm.

Ciorclaigh **trí** phróiseas ar fheirm.

| | | |
|---|---|---|
| ***gamhna*** | ***gearradh sadhlais*** | ***leasacháin*** |
| ***crú*** | ***treabhadh*** | ***barra*** |
| ***tarracóirí*** | ***bainne*** | ***arbhar Indiach*** |

**14. STAITISTICÍ AIMSIRE**


Taispeánann an tábla agus an barraghraf thíos na meánteochtaí míosúla i gcéimeanna Celsius don bhliain 2011 i mBéal an Mhuirthead, Co Mhaigh Eo.

Bain úsáid as an eolas sa tábla thíos chun an graf a chríochnú do mhí an Mhárta, mí an Mheithimh agus mí Lúnasa.

| Mí | Ean | Feabh | Már | Aib | Beal | Meith | Iúil | Lún | MF |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teocht °C | 5 | 7 | 8 | 11 | 11 | 12 | 14 | 14 | 13 |

www.met ie

**Meánteochtaí míosúla i 2011 do Bhéal an Mhuirthead, Co Mhaigh Eo**



**15. IARMHAIRT GHNÍOMHAÍOCHT AN DUINE**

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a thaispeáint cé acu **trí** ráiteas thíos atá ceart.

1. Is é is foraoisiú ann ná foraoisí á ngearradh síos.
2. Is é is róshaothrú ann ná na barra céanna á bhfás san áit chéanna gach bliain.
3. Tá iarmhairt dhearfach ag an bhfairsingiú fásaigh ar an talmhaíocht.
4. Rinne an coilíneachas dúshaothrú ar thíortha níos boichte.
5. Déanann an athnuachan uirbeach maitheas do cheantair lárchathrach.

1, 3, 4 ☐

1, 4, 5 ☐

2, 3, 5 ☐

2, 4, 5 ☐

**16. GLUAISEACHT DAOINE**

D'fhéadfadh tosca brú agus tarraingthe a bheith ina gcúis leis an imirce.

Ciorclaigh an freagra ceart i ngach ráiteas.

(i) Is tosca ***brú / tarraingthe*** iad cogadh cathartha agus corraíl shibhialta.

(ii) Is toisc ***bhrú / tharraingthe*** iad deiseanna fostaíochta den scoth.

(iii) Is toisc ***bhrú / tharraingthe*** í aeráid bhog.

**17. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh an léarscáil Suirbhéireacht Ordanáis a tugadh duit.

Dá mbeifeá ag taisteal ar feadh an N4 ó M 972 983 go M 953 995, cén treo ina mbeifeá ag taisteal?

Treo ______________________________

**18. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá meaits amháin déanta duit.

| Colún X | |
|---|---|
| A | G 946 037 |
| B | M 931 988 |
| C | M 965 951 |
| D | G 894 038 |

| Colún Y | |
|---|---|
| 1 | Stáisiún gardaí |
| 2 | Crannóg |
| 3 | Stáisiún traenach |
| 4 | Eaglais |

| X | Y |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | 4 |
| D | |

**19. AERFÓTAGRAF**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a tugadh duit.

Cad í an phríomhúsáid talún sa tulra ar clé?

Cónaitheach ☐

Talmhaíoch ☐

Reiligiúnach ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**20. AERFÓTAGRAF AGUS LÉARSCÁIL SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**



Taispeántar an droichead seo san aerfótagraf a thagann leis an bpáipéar seo.

Aimsigh an droichead seo ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus scríobh síos an suíomh ag a bhfuil sé, ag baint úsáide as tagairt eangaí sé fhigiúr.

Suíomh ________________________________________